AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.4.2013
COM(2013) 193 final

2013/0104 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 lena leagtar síos Cód Custaim an Chomhphobail (Cód Custaim Nuachóirithe) maidir le dáta a chur i bhfeidhm**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

I Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 lena leagtar síos Cód Custaim an Chomhphobail (Cód Custaim Nuachóirithe)[1] díríodh ar an reachtaíocht chustaim a oiriúnú don timpeallacht leictreonach do chustam agus thrádáil agus dá rialú freisin. Thug sé sin deis chun athchóiriú ollmhór a dhéanamh ar na rialacha maidir le custam chun iad a dhéanamh níos simplí agus níos struchtúrtha.

Tháinig an Rialachán sin i bhfeidhm ar an 24 Meitheamh 2008, ach ní bheidh sé infheidhme, i gcomhréir le hAirteagal 188(2) de, go dtí go mbeidh a chuid forálacha cur chun feidhme infheidhme, agus ar an 24 Meitheamh 2013 ar a dhéanaí.

Ar an 20 Feabhra 2012, chuir an Coimisiúin togra[2] faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle le haghaidh Rialacháin lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, mar athmhúnlú ar Rialachán (CE) Uimh. 450/2008, chun é a aisghairm agus a ionadú roimh an dáta atá sceidealta lena chur i bhfeidhm, i ngeall ar na riachtanais seo a leanas:

- chun dáta chur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 a chur ar atráth le go mbeidh dóthain ama ag údaráis agus ag oibreoirí eacnamaíocha chun na hinfheistíochtaí riachtanacha a dhéanamh agus chun a áirithiú go gcuirfear an próiseas leictreonach i bhfeidhm ar bhealach céimnithe ceangailteach, ach réalaíoch freisin;

- chun Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 a ailíniú le ceanglais Chonradh Liospóin, maidir leis an gcumhacht a thabharfar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe nó gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 290 agus le hAirteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

- chun coigeartú a dhéanamh ar roinnt de na forálacha de Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 a raibh sé deacair iad a chur chun feidhme.

Cé go bhfuil na hinstitiúidí i ngar do chomhaontú polaitiúil ar théacs críochnaitheach an Rialacháin, ní fhéadfaidh an gnáthnós imeachta reachtach don athmhúnlú sin a chur i gcrích in am chun an Rialachán athmhúnlaithe a ghlacadh agus a theacht i bhfeidhm roimh an spriocdháta ar an 24 Meitheamh 2013.

Mura ndéanfaí é a ghlacadh, is iad seo a leanas na príomhthionchair dhiúltacha a bheadh ann:

- Bheadh Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 infheidhme ar an 24 Meitheamh 2013 gan aon ghníomhartha ón gCoimisiún chun tacú leis an gcur i bhfeidhm sin agus gan na forbairtí TF riachtanacha déanta chun a áirithiú go gcomhlíonfaí an prionsabal maidir le teicníochtaí próiseála sonraí leictreonacha a úsáid mar atá leagtha síos in Airteagal 5(1) de;

- Dhéanfaí Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 (Cód Custaim an Aontais, atá i bhfeidhm faoi láthair), *inter alia*, a aisghairm agus d'fhágfadh sé sin go mbeadh éiginnteacht dhlíthiúil ann maidir leis an reachtaíocht custaim is infheidhme go hiarbhír agus bheadh sé ina bhacainn roimh chreat cuimsitheach comhsheasmhach dlí an Aontais a choinneáil i dtaca le cúrsaí custaim, ar feitheamh an Rialachán atá beartaithe a ghlacadh.

[1] IO L 145, 4.6.2008, lch. 1.
[2] COM(2012) 64 final.

Ar na cúiseanna sin agus mar phlean teagmhais chun deacrachtaí tromchúiseacha le creat dlíthiúil chustaim an Aontais a chosc, measann an Coimisiún go bhféadfadh sé go mbeidh gá leis an dáta deiridh chun Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 a chur i bhfeidhm, mar atá leagtha síos sa dara fomhír in Airteagal 188(2) de, a chur ar atráth chun go mbeidh dóthain ama ag an reachtas chun an próiseas um ghlacadh Chód Custaim an Aontais a chur i gcrích. Is é an dáta nua a mheastar a bheadh oiriúnach chun na críche sin an 1.11.2013.

## 2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LE PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNUITHE TIONCHAIR

Ní dheanann an togra difear do bhunús Rialachán (CE) Uimh. 450/2008, ní dhíríonn sé ach ar an dáta a chuirfear i bhfeidhm é a chur ar atráth, chun an méid ama is fíorghá le go gcuirfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i gcrích an nós imeachta reachtach chun é a aisghairm agus Rialachán nua lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais a chur ina ionad.

Dá bhrí sin, ní gá do pháirtithe eile seachas Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a bheith rannpháirteach ann agus níl gá le measúnú tionchair.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

Is é atá sa togra leasú ar an dara fomhír d'Airteagal 188(2) de Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 chun an dáta 1.11.2013 a chur in ionad an dáta 24 Meitheamh 2013.

Beidh a mbunúis dlí mar an gcéanna leo sin a rialaíonn an Rialachán leasaithe, ag cur Chonradh Liospóin san áireamh: Airteagal 33, Airteagal 114 agus Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Toisc go rialaíonn sé glacadh gníomhartha neamhreachtacha, ní féidir le hAirteagal 31 CFAE feidhmiú a thuilleadh mar bhunús dlí d'ionstraim reachtach amhail an Rialachán atá beartaithe. I gcás ar bith níl tagairt den sórt sin de dhíth, i bhfianaise raon feidhme agus ábhar an Rialacháin sin.

## 4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Tada

## 5. EILIMINTÍ ROGHNACHA

Tada

2013/0104 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 lena leagtar síos Cód Custaim an Chomhphobail (Cód Custaim Nuachóirithe) maidir le dáta a chur i bhfeidhm**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 33, 114 agus 207 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[3],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tháinig Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 lena leagtar síos Cód Custaim an Chomhphobail (Cód Custaim Nuachóirithe)[4] i bhfeidhm ar an 24 Meitheamh 2008, ach ní bheidh sé infheidhme, i gcomhréir le hAirteagal 188(2) de, go dtí go mbeidh a chuid forálacha cur chun feidhme infheidhme, agus ar an 24 Meitheamh 2013 ar a dhéanaí. Tá sé beartaithe Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 a chur in ionad Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 1992 lena mbunaítear Cód Custaim an Chomhphobail[5].

(2) Ar an 20 Feabhra 2012, chuir an Coimisiúin togra[6] faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle le haghaidh Rialacháin lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, i bhfoirm athmhúnlú ar Rialachán (CE) Uimh. 450/2008, chun é a ionadú roimh an dáta deiridh dá chur i bhfeidhm. Ní féidir an gnáthnós imeachta reachtach a chur i gcrích in am chun an Rialachán beartaithe sin a ghlacadh, agus in am dá theacht i bhfeidhm roimh an spriocdháta deiridh ar an 24 Meitheamh 2013 dá bharr sin, áfach. Mar thoradh air sin, in éagmais aon ghníomhaíochta reachtaí ceartaithí, bheadh feidhm le Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 ar an dáta sin agus dhéanfaí Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 a aisghairm. D'fhágfadh sé sin go mbeadh éiginnteacht dhlíthiúil ann maidir leis an reachtaíocht custaim is infheidhme go hiarbhír agus bheadh sé ina bhacainn roimh chreat cuimsitheach comhsheasmhach dhlí an Aontais a choinneáil i dtaca le cúrsaí custaim, ar feitheamh an Rialachán atá beartaithe a ghlacadh.

(3) D'fhonn deacrachtaí tromchúiseacha den sórt sin le reachtaíocht chustaim an Aontais a chosc agus chun dóthain ama a thabhairt don reachtas chun an próiseas um ghlacadh

3 IO C , , lch.
4 IO L 145, 4.6.2008, lch. 1.
5 IO L 302, 19.10.1992, lch. 1.
6 COM(2012) 64 final.

Chód Custaim an Aontais a chur i gcrích, ba cheart an dáta deiridh do chur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 450/2008, atá leagtha síos sa dara fomhír in Airteagal 188(2) de, a chur ar atráth. Is é an dáta nua a mheastar a bheadh oiriúnach chun na críche sin an 1.11.2013,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Sa dara fomhír d'Airteagal 188(2) de Rialachán (CE) Uimh. 450/2008, déantar '1.11.2013' a chur in ionad an dáta '24 Meitheamh 2013'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |